Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2021
(OR. en)**

**14308/21**

**RECH 538
COMPET 865**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Samhain 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14126/21 |
| Ábhar: | Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) amach anseo<br>Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 26/11/2021) |

San Iarscríbhinn, gheobhaidh na toscaireachtaí na Conclúidí ón gComhairle maidir le Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) amach anseo, a ghlac an Chomhairle ag an 3830ú cruinniú a bhí aici an 26 Samhain 2021.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## MAIDIR LE RIALACHAS AN LIMISTÉIR EORPAIGH TAIGHDE (LET) AMACH ANSEO

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

**Á MHEABHRÚ DI**

– Na conclúidí uaithi ó Mhí na Nollag 2015 maidir leis an 'Athbhreithniú ar struchtúr comhairleach an Limistéir Eorpaigh Taighde[1], inar athdhearbhaíodh a thábhachtaí atá struchtúr comhairleach dea-fheidhmiúil chun cur chun feidhme comhleanúnach agus éifeachtach LET a áirithiú;

– an Tuairisc ó CLETN i mí na Nollag 2020 dar teideal *The 2019 Action Plan for the Advisory Structure of the European Research Area* [Plean Gníomhaíochta 2019 do Struchtúr Comhairleach an Limistéir Eorpaigh Taighde][2] agus na ceachtanna a foghlaimíodh ann agus an tuairim ó CLETN i mí na Nollag 2019 maidir le LET amach anseo[3];

– na conclúidí uaithi ó mhí na Nollag 2020 maidir leis an 'Limistéar Eorpach Taighde Nua'[4] a shainítear mar limistéar atá dírithe ar thaighdeoirí, luach-bhunaithe, barr feabhais-bhunaithe agus tionchar-threallúsaithe, ina dtacaítear le taighdeoirí, le heolas agus le teicneolaíocht agus inar féidir leo gluaiseacht faoi shaoirse agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit Clár Oibre Beartais LET agus samhail rialachais il-leibhéil a fhorbairt in 2021 chun 'LET nua' a bhaint amach, agus na gnéithe a bhaineann leis an rialachas sa teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Mheán Fómhair 2020 dar teideal *'A new ERA for research and innovation'* ['LET nua don taighde agus don nuálaíocht'] á gcur san áireamh[5];

---

1 14875/15.
2 CLETN 1212/20.
3 CLETN 1201/20.
4 13567/20.
5 11400/20 + ADD1.

**COMHTHÉACS RIALACHAIS LET NUA**

1. AITHNÍONN SÍ an gá atá le hathbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat rialachais do LET, chun an timpeallacht bheartais athraithe a léiriú, timpeallacht a bhfuil tionchar aici ar thaighde agus ar nuálaíocht (T&N), cothú a dhéanamh ar na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe is gá chun ár gceannaireacht eolaíoch a chinntiú agus an gá atá le hacmhainn T&N a ghiaráil ar bhealach níos éifeachtaí don tsochaí agus don gheilleagar;

2. ADMHAÍONN SÍ an t-aitheantas sochaíoch níos leithne agus an méadú ar ionchais maidir le ról T&N agus a shaothrú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shochaíocha, chomhshaoil agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo arb iad COVID-19 agus an t-athrú aeráide, *inter alia*, is cúis leo, rud a chiallaíonn go bhfuil gá ann freisin le beartas Eorpach T&N athnuaite, níos láidre agus níos comhtháite; ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tábhacht leanúnach a bhaineann le heolaíocht bhunúsach bunaithe ar fhiosracht agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cothromaíocht a bhaint amach idir na hinfheistíochtaí poiblí T&N atá 'misean-dírithe' agus iad siúd atá 'fiosracht-spreagtha' mar réamhriachtanas chun LET nua a bhaint amach;

3. ADMHAÍONN SÍ nach mór, chun na cuspóirí agus na spriocanna a shainítear laistigh de LET a bhaint amach, anailís fhorbhreathnaitheach a dhéanamh agus tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh bheartais T&N, agus úinéireacht pholaitiúil mhéadaithe agus aistriú níos éifeachtaí i ngníomh trí chomhordú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach;

4. MEASANN SÍ go bhfuil an chomhpháirtíocht speisialta idir an tAontas agus tíortha comhlachaithe tábhachtach, chomh maith leis an gcomhar leis na geallsealbhóirí, chun LET a chur chun feidhme; AONTAÍONN SÍ le cur chuige cás ar chás maidir le rannpháirtíocht tíortha comhlachaithe agus na ngeallsealbhóirí sna comhlachtaí rialachais agus a róil faoi seach i gcur chun feidhme LET á gcur san áireamh, chomh maith le ról tríú tíortha ábhartha; agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart an comhar le tríú tíortha a bhunú ar luachanna agus ar phrionsabail bhunúsacha chomhroinnte, lena n-áirítear cómhalartacht chothrom agus urraim don tsaoirse acadúil;

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gnéithe trasearnála bheartas LET mar bhuntréithe dá rialachas, a éilíonn úinéireacht chomhroinnte agus treoíocht gníomhaíochtaí beartais; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhfuil T&N i gcroílár an aistrithe ghlais, an chlaochlaithe dhigitigh agus spriocanna beartais trasearnála eile, agus gur cheart go gcuirfeadh sé le ceapadh agus le cur chun feidhme na mbeartas ábhartha, a bhfuil comhéadain fheabhsaithe maidir le comhordú agus malartú eolais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta leis na beartais earnálacha sin ag teastáil lena n-aghaidh;

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, Creatchlár T&N an Aontais agus ag ionstraimí beartais comhtháthaithe chun tacú le LET nua;

7. MEABHRAÍTEAR DI á thábhachtaí atá sé comhionannas inscne a phríomhshruthú i gceapadh, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán beartas T&N agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE rannchuidiú Dhearbhú Liúbleána maidir le comhionannas inscne in T&N do ghníomhaíocht LET sa réimse sin;

## RIALACHAS AGUS CEAPADH BEARTAIS LET NUA

8. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil gá le hathcheapadh cuimsitheach rialachas reatha LET i ndáil le LET nua agus lena thosaíochtaí, d'fhonn acmhainní a réasúnú agus a chumas a neartú le haghaidh cur chun feidhme éifeachtach agus urraim á tabhairt don chothromaíocht idirinstitiúideach, do phrionsabal na coimhdeachta agus do na hinniúlachtaí faoi seach i réimse T&N; ADMHAÍONN SÍ gur cheart rialachas LET nua a mhúnlú, *inter alia*, tríd an méid seo a leanas:

   a. an Comhshocrú maidir le Taighde agus Nuálaíocht san Eoraip ina leagtar amach luachanna agus prionsabail bhunúsacha LET nua, na réimsí tosaíochta do ghníomhartha LET agus na sásraí comhordúcháin beartais;

   b. Clár Oibre Beartais LET, a ceapadh chun rannchuidiú leis na limistéir thosaíochta ón gComhshocrú maidir le T&N, ina leagtar amach gníomhartha deonacha LET a shainítear agus a chomhordaítear ar leibhéal an Aontais chun torthaí comhaontaithe a bhaint amach;

**Clár Oibre Beartais LET agus gníomhaíochtaí LET**

9. CUIREANN SÍ I dTREIS go dteastaíonn, chun LET nua a bhaint amach, Clár Oibre Beartais LET a áirithíonn tiomantas na ngníomhaithe ábhartha uile, a ghlacann le héagsúlacht na dtimpeallachtaí beartais náisiúnta agus réigiúnaigh agus a úsáideann cur chuige saincheaptha, deonach. Tá sé le formheas ag an gComhairle, gach trí bliana, agus cineál níos fadtéarmaí roinnt gníomhaíochtaí á aithint ag an am céanna;

10. Sainaithnítear gníomhaíochtaí LET i gclár oibre beartais LET d'fhonn tionchar, inchreidteacht agus éifeachtacht LET nua a áirithiú, agus ba cheart é a bheith d'aidhm, agus iad á gcur chun feidhme, na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- Ábharthacht: aghaidh a thabhairt ar cheann amháin ar a laghad de na réimsí tosaíochta a sainaithníodh sa mholadh ón gComhairle maidir le Comhshocrú do T&N agus breisluach soiléir a áirithiú maidir le gníomhaíocht chomhpháirteach;

- Inmharthanacht: cuspóir, uainiú, garspriocanna, gníomhaithe agus cistiú dóibh a leagan amach go soiléir, chomh maith leis an rannchuidiú a mheastar a bheidh acu maidir le LET a bhaint amach;

- Tiomantas: tiomantas ó leathchuid de Bhallstáit an Aontais ar a laghad, ar mais chriticiúil iad, a dhaingniú chun tacaíocht leathan pholaitiúil a áirithiú agus chun deiseanna a chur ar fáil lasmuigh de na Ballstáit rannpháirteacha chun tairbhe na mBallstát uile;

11. AONTAÍONN SÍ maidir le Clár Oibre Beartais LET do 2022-2024 mar a chuirtear i láthair é san Iarscríbhinn, MEASANN SÍ gur doiciméad dinimiciúil é a d'fhéadfadh a bheith faoi réir coigeartuithe ag an gComhairle le linn a ré, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit é a chur chun feidhme, i gcomhar le tíortha comhlachaithe, geallsealbhóirí agus le tríú tíortha ábhartha i gcás inarb infheidhme;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún doiciméid mhíniúcháin a sholáthar i ndáil le gach gníomhaíocht LET a leagtar amach san Iarscríbhinn agus, ar an mbonn sin, IARRANN SÍ ar CLETN a thuairimí a chur ar fáil maidir le Clár Oibre Beartais LET faoi mhí Aibreáin 2022 chun a éascú do na Ballstáit agus do thíortha comhlachaithe i gcás inarb infheidhme na gníomhaíochtaí LET ar mian leo páirt a ghlacadh iontu a shainaithint laistigh den chéad seimeastar 2022; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar thíortha comhlachaithe faisnéis a chur ar fáil maidir lena nglacadh ar an leibhéal náisiúnta; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur faoi gach Ballstát agus faoi gach tír chomhlachaithe atá sé a shainiú cén chaoi ar cheart aghaidh a thabhairt ar an leibhéal náisiúnta ar Ghníomhaíochtaí LET ina roghnaíonn siad a bheith rannpháirteach; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar na tíortha comhlachaithe an próiseas náisiúnta is fearr is féidir a chinneadh chun faisnéis a chur ar fáil san ardán ar líne um beartas LET maidir leis na bearta, lena n-áirítear athchóirithe nó infheistíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh, atá ábhartha do na Gníomhaíochtaí LET a roghnófar agus do thosaíochtaí LET, lena n-áirítear iad siúd a léirítear sna feithiclí beartais náisiúnta a roghnófar, amhail straitéisí, Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta nó Treochláir i gcás ina mbeidh siad ar fáil;

**Struchtúr rialachais LET**

13. AONTAÍONN SÍ go n-áirítear i ról cinnteoireachta agus treoraithe beartais na Comhairle laistigh de rialachas LET go hairithe formheas a dhéanamh ar threoir fhadtéarmach i bhfoirm an Mholta ón gComhairle maidir le Comhshocrú do T&N san Eoraip, ar thosaíochtaí meántéarmacha i bhfoirm Chlár Oibre Beartais LET, atá bunaithe araon i bprionsabal ar thionscnaimh ón gCoimisiún, agus ar athbhreithniú orthu mar fhreagairt ar an measúnú meántéarma ar Chlár Oibre Beartais LET agus ar an measúnú ar an gComhshocrú do T&N san Eoraip faoi seach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas go rialta, lena n-áirítear trína comhlachtaí ullmhúcháin, maidir leis an obair a dhéanann Fóram LET; MEABHRAÍTEAR DI ról na Comhairle maidir le treoir pholaitiúil bhreise a chur ar fáil tráth ar bith le tionscnaimh amhail Conclúidí ón gComhairle agus Rúin ón gComhairle maidir le haon saincheisteanna a bhaineann le LET agus T&N;

14. IARRANN SÍ ar Uachtaránachtaí na Comhairle machnamh a dhéanamh ar chomhdhálacha aireachta LET a eagrú chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt LET, ag cur leis an obair a dhéanfaidh comhlachtaí ábhartha rialachais LET i gcás inarb iomchuí[6];

15. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an Coiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus um Nuálaíocht (CLETN) mar chomhchoiste comhairleach ardleibhéil um beartas straitéiseach, a thugann comhairle luath don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le saincheisteanna beartais T&N; AITHNÍONN SÍ gur gá sainordú a shannadh do CLETN lena bhféadfaidh sé comhairle a thabhairt maidir le treo straitéiseach beartais Eorpaigh agus náisiúnta T&N; MOLANN SÍ gur cheart eilimintí *inter alia* a áirithiú sa sainordú athbhreithnithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- comhairle a thabhairt ar threoshuíomhanna beartais straitéisigh agus ar threochtaí amach anseo a éilíonn mionchoigeartú ar bheartais T&N an Aontais agus ar bheartais T&N náisiúnta, lena n-áirítear beartais T&N réigiúnacha, lena n-áirítear maidir leis an gCreatchlár reatha T&N de chuid an Aontais agus leis an gcéad Chreatchlár eile agus tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais faoi thionchar T&N;

- tús a chur le nuashonruithe ar Chlár Oibre Beartais LET trí luathchomhairle straitéiseach a chur ar fáil a bheidh bunaithe freisin ar mhachnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i nGníomhaíochtaí LET atá ar siúl faoi láthair;

- machnamh a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le héilimh nua bheartais, lena gcomhlíontar critéir Chlár Oibre Beartais LET, agus Clár Oibre Beartais LET á chur chun feidhme;

- idirghníomhú le struchtúir rialachais agus chomhordúcháin ar leibhéal comhchosúil i réimsí beartais ábhartha eile, amhail an t-ardoideachas agus an tionsclaíocht;

[6] 14989/18 agus 13567/20.

16. AITHNÍONN SÍ ról Fhóram LET, lena n-áirítear na foghrúpaí a d'fhéadfadh a bheith ann, mar an comhlacht, a bhunaigh an Coimisiún, atá freagrach as comhordú a fheabhsú i dtreo Chlár Oibre Beartais LET a chur chun feidhme go héifeachtach, chun tacú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit gníomhaíochtaí LET a chur i gcrích; MEASANN SÍ gur cheart d'Fhóram LET an méid seo a leanas a dhéanamh:

- comhdhearadh agus comhordú a dhéanamh idir an Coimisiúin agus na Ballstáit maidir le tionscnaimh an Choimisiúin a ullmhú i ndáil le Clár Oibre Beartais LET a thabhairt cothrom le dáta amach anseo agus ailíniú le beartais eile a phlé;

- comhdhearadh agus comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme ghníomhaíochtaí LET idir an Coimisiún, na Ballstáit agus, ar bhonn cás ar chás, tíortha comhlachaithe, geallsealbhóirí, agus tríú tíortha ábhartha;

- anailís a dhéanamh ar an bhfaireachán agus ar an meastóireacht ar chur chun feidhme Chlár Oibre Beartais LET trí Scórchlár LET agus tríd an bhfaisnéis a sholáthraítear trí ardán beartais LET, agus rannchuidiú le hobair an Choimisiúin agus tuarascáil chuig an gComhairle á hullmhú;

- gníomhú mar éascaitheoir chun gníomhaíochtaí féideartha breise LET a ullmhú i ngeoiméadracht athraitheach, le tacaíocht ón Aontas i gcás inarb iomchuí, agus le haghaidh malartú dea-chleachtas maidir le beartais agus bearta náisiúnta LET;

**AN RÓD ROMHAINN**

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Fóram LET a bhunú, faoi dheireadh 2021; MEASANN SÍ go ndéanfar, de thoradh ar chomhchathaoirleacht an Choimisiúin agus ionadaí ó na Ballstáit ar Fhóram LET, úinéireacht fheabhsaithe ar LET athnuaite agus go ndéanfar é a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtúla; ar an gcaoi chéanna, féadfaidh an Coimisiún agus/nó Ballstát cathaoirleacht nó comhchathaoirleacht a dhéanamh ar a fhoghrúpaí, nó, faoi réir a chomhaontaithe i bhFóram LET, féadfaidh tír chomhlachaithe nó ionadaí geallsealbhóirí a bheith ina gcomhchathaoirligh orthu;

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún creat faireacháin agus meastóireachta a chur faoi bhráid na Comhairle faoi lár 2022 chun an LET, a comhdhearadh le Fóram LET, a chur chun feidhme agus faisnéis a chur ar fáil dó maidir leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Chlár Oibre Beartais LET sa mheántéarma, ar bhonn an phlé a rinneadh i bhFóram LET; MEABHRAÍTEAR DI go bhféadfar a iarraidh ar CLETN comhairle a chur ar fáil maidir leis na tionscnaimh sin tráth ar bith;

19. MOLANN SÍ gur cheart rannpháirtíocht ag cruinnithe áirithe d'Fhóram LET nó na míreanna sonracha ar an gclár oibre agus tionscnamh an Choimisiúin maidir le Clár Oibre Beartais LET á ullmhú a bheith teoranta d'ionadaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit, agus dul i gcomhairle ag an am céanna leis na geallsealbhóirí agus leis na tíortha comhlachaithe chomh maith le tríú tíortha ábhartha;

20. BEARTAÍONN SÍ go gcuirfí Coiste Stiúrtha ar bun laistigh d'Fhóram LET, ar a mbeidh an Coimisiún, foireann trí Uachtaránacht reatha na Comhairle agus foireann trí Uachtaránacht na Comhairle ina dhiaidh sin, chun a chruinnithe a ullmhú; MOLANN SÍ ar bhonn togra ón gCoiste Stiúrtha, go gcuirfidh Fóram LET cur chuige comhsheasmhach i bhfeidhm a mhéid is féidir maidir le rannpháirtíocht tíortha comhlachaithe, tríú tíortha ábhartha agus geallsealbhóirí ina chuid oibre;

21. MEASANN SÍ gur cheart do na geallsealbhóirí a bheith páirteach ar bhonn níos córasaí i seachadadh LET ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí náisiúnta a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta; maidir leis an obair a dhéanfaidh Fóram LET agus a fhoghrúpaí féideartha IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a fhoráil go ndéanfaidh LET an méid a leanas:

- rannpháirtíocht ionadaíoch na seacht gcineál geallsealbhóirí seo a leanas a áirithiú ag a chruinnithe ábhartha de bhrateagraíochtaí ar leibhéal an Aontais nó eagraíochtaí ionadaíocha iomchuí eile atá ábhartha ar leibhéal an Aontais: ollscoileanna agus institiúidí ardoideachais eile, eagraíochtaí a dhéanann taighde agus teicneolaíocht, gnóthais dhiana T&N, lena n-áirítear FBManna, taighdeoirí aonair agus nuálaithe, lena n-áirítear ag luathchéimeanna agus meánchéimeanna dá ngairmré, bonneagair thaighde, eagraíochtaí cistithe T&N agus acadaimh eolaíochtaí;

- clár deonach, oscailte, ar líne de gheallsealbhóirí a chur ar bun chun trédhearcacht a mhéadú maidir le geallsealbhóirí LET atá páirteach in obair Fhóram LET agus a fhoghrúpaí féideartha a shainaithint, agus saincheisteanna téamacha faoi seach á gcur san áireamh;

- neamhspleáchas institiúideach eagraíochtaí taighde poiblí agus príobháideacha agus institiúidí ardoideachais a chur san áireamh agus na hathchóirithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bheartais T&N ar gach leibhéal ábhartha á bplé;

22. AONTAÍONN SÍ go ndéanfaidh sí athbhreithniú ar shainordú CLETN chun rialachas nua LET a léiriú, lena n-áirítear an bhallraíocht a theorannú d'ionadaithe na mBallstát a bhfuil freagracht ardleibhéil feidhmiúcháin orthu maidir le beartais T&N; ADMHAÍONN SÍ an breisluach a bhaineann le hionadaithe na mBallstát agus an Choimisiúin a bheith ina gcomhchathaoirligh ar CLETN agus MOLANN SÍ go n-iarrfaí ar thíortha comhlachaithe agus ar thríú tíortha ábhartha, ar shaineolaithe seachtracha agus ar gheallsealbhóirí freastal ar chruinnithe ábhartha CLET le haghaidh ábhair shonracha ar an gclár oibre; MOLANN SÍ go ndéanfaí ionadaíocht ar fhoireann trí Uachtaránacht na Comhairle atá ann faoi láthair agus na cinn a thiocfaidh ina dhiaidh sin ar Bhord Stiúrtha CLETN, a roghnaíonn agus a ullmhaíonn ábhair le haghaidh plé straitéiseach ar CLETN, le tacaíocht ó thascfhórsaí *ad hoc* CLET, de réir mar is gá, agus obair Fhóram LET mar threoir de réir mar is iomchuí;

23. MEASANN SÍ gur cheart cruthú foghrúpaí d'Fhóram LET, a bheidh teoranta ó thaobh ama de, a bheidh dírithe ar thorthaí agus faoi cheangal cuspóirí, nuair a bheadh údar cuí leis, a bheith mar chur chuige réamhshocraithe chun Gníomhaíochtaí LET a chur chun feidhme;

24. MOLANN SÍ, chun beartas T&N a chomhordú agus a chur chun feidhme i réimse na mbonneagar taighde agus comhpháirtíochtaí T&N, go leanfaidh struchtúir rialachais bhuana, an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde (ESFRI), an Mol Eolais Comhpháirtíochta agus an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC) dá gcuid oibre mar Ghrúpaí Saineolaithe neamhspleácha an Choimisiúin agus go mbeidh dlúthchomhordú acu le Fóram LET agus go gcuirfidh siad ar an eolas é go tráthrialta; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart a chur san áireamh sna struchtúir sin an cur chuige athnuaite maidir le rialachas LET lena n-áirítear go bhféadfaí cathaoirleacht nó comhchathaoirleacht a bheith orthu ag ionadaithe ón gCoimisiún agus/nó ó na Ballstáit;

25. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag bonneagair thaighde ar gach leibhéal maidir le comhtháthú agus struchtúrú, lena n-áirítear r-bhonneagair, in éiceachóras eolais agus nuálaíochta na hEorpa, FORMHUINÍONN SÍ Treochlár ESFRI a glacadh in 2021, IS DÍOL SÁSAIMH DI an measúnú leanúnach ar chreat dlíthiúil an Chuibhreannais don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur iarr sí ar an gCoimisiún an chéad tuarascáil eile ar chur chun feidhme ERIC a thíolacadh faoi 2022;

26. AONTAÍONN SÍ go ndéanfar na grúpaí seo a leanas atá ann cheana agus a bhfuil baint acu le LET a scor mar ghrúpaí faoi théarmaí tagartha na Comhairle: foirmíochtaí GPC (an Grúpa Ardleibhéil um Chlársceidealú Comhpháirteach), FSCI (an Fóram Straitéiseach um Chomhar Idirnáisiúnta san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht) agus na Buanghrúpaí Oibre um Acmhainní Daonna agus Soghluaisteacht, um Inscne sa Taighde agus sa Nuálaíocht, agus um Eolaíocht Oscailte agus Nuálaíocht; MOLANN SÍ go gcuirfear a gcuid oibre san áireamh agus, má chinntear amhlaidh laistigh d'Fhóram LET, go leanfaí den obair sin
laistigh d'Fhóram LET, a mhéid a rannchuidíonn sé le cur chun feidhme Chlár Oibre Beartais nua LET;

27. Á ADMHÁIL DI an cur chuige domhanda nua i leith R&N mar a leagtar amach é sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta – Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach, MOLANN SÍ foghrúpa buan a bhunú d'Fhóram LET, a mbeidh na Ballstáit agus an Coimisiún ina gcomhchathaoirligh air, chun an obair atá déanta ag FSCI a chur san áireamh agus leanúint den obair sin;

28. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar na tíortha comhlachaithe agus ar thríú tíortha ábhartha eile acmhainní iomchuí a áirithiú chun gníomhaíochtaí agus tosaíochtaí LET a chur chun feidhme agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar an leibhéal réigiúnach; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún iarracht a dhéanamh maorlathas agus an t-ualach riaracháin a laghdú agus an t-ardán beartais ar líne á chur chun feidhme aige agus idirphlé déthaobhach idir na Ballstáit agus an Coimisiún ar bun aige.

## CLÁR OIBRE BEARTAIS LET 2022-2024

I gClár Oibre Beartais LET leagtar amach catalóg de ghníomhaíochtaí deonacha LET don tréimhse ó 2022 go 2024 chun cur leis na réimsí tosaíochta a shainítear sa Mholadh ón gComhairle maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip. Is í an chéad chéim é chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar na réimsí tosaíochta a leagtar amach sa Chomhshocrú. Iarrtar ar na Ballstáit agus ar na tíortha comhlachaithe na gníomhaíochtaí ar mian leo a bheith rannpháirteach iontu a shainaithint agus an chaoi ar cheart aghaidh a thabhairt ar na gníomhaíochtaí sin ar an leibhéal náisiúnta a chinneadh. In eagráin eile amach anseo de Chlár Beartais LET déanfar na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú a thuilleadh don fhadtéarma.

Tá sé bunaithe go príomha ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún *'A new ERA for Research and Innovation'* ['LET nua don taighde agus don nuálaíocht'] agus ar na Conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2020 'maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde nua', na Conclúidí ón gComhairle ó mhí na Bealtaine 2021 maidir le 'LET a dhoimhniú: gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a fhíorú': agus ó mhí Mheán Fómhair 2021 maidir le 'Cur chuige domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta'.

Ordaítear na gníomhaíochtaí seo a leanas i ndáil leis an Limistéar Eorpach Taighde de réir na réimsí tosaíochta sa Chomhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht:

| Réimse Tosaíochta: Margadh inmheánach fíorfheidhmiúil don eolas a dhoimhniú | |
|---|---|
| **Gníomhaíochtaí LET** | **Torthaí** |
| **1. Comhroinnt oscailte an eolais agus athúsáid aschuir taighde a chumasú, lena n-áirítear tríd an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC) a fhorbairt** | • Prionsabail na hEolaíochta Oscailte a imscaradh agus dea-chleachtais maidir leis an Eolaíocht Oscailte a shainaithint<br>• Croí-chomhpháirteanna agus croísheirbhísí EOSC a imscaradh agus na bonneagair sonraí atá ann cheana san Eoraip a chónascadh, ag obair i dtreo idir-inoibritheacht taighde sonraí<br>• Sásra faireacháin a bhunú chun sonraí a bhailiú agus infheistíochtaí, beartais, aschuir taighde dhigitigh, scileanna eolaíochta oscailte agus acmhainneachtaí bonneagair a bhaineann le EOSC a thagarmharcáil |
| **2. Creat reachtach agus rialála de chuid an Aontais maidir le cóipcheart agus sonraí a bheidh oiriúnach don taighde a mholadh** | • Bacainní agus dúshláin a aithint maidir le rochtain agus athúsáid torthaí T&N atá maoinithe go poiblí agus foilseachán agus sonraí chun críoch eolaíoch, agus tionchair fhéideartha ar thaighde a shainaithint, trí anailís a dhéanamh ar fhorálacha ábhartha faoi reachtaíocht chóipchirt agus sonraí an Aontais agus faoi chreataí rialála gaolmhara, agus ar thionscnaimh ábhartha institiúideacha agus náisiúnta<br>• Bearta reachtacha agus neamhreachtacha a mholadh chun na creataí reachtacha agus rialála de chuid an Aontais maidir le cóipcheart agus sonraí a fheabhsú |
| **3. Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an athchóiriú ar an gCóras Measúnaithe le haghaidh taighde, taighdeoirí agus institiúidí chun feabhas a chur ar a gcáilíocht, ar a bhfeidhmíocht agus ar a dtionchar** | • Anailís a dhéanamh ar bhacainní dlí agus riaracháin ar an leibhéal náisiúnta agus trasnáisiúnta le haghaidh córas nua-aimseartha um measúnú taighde<br>• Comhghuaillíocht de lucht cistithe taighde agus lucht déanta taighde Eorpach a chruthú a aontaíonn maidir le cur chuige nua don mheasúnú ar thaighde, tar éis comhairliúcháin chuimsitheacha leathana ar an leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta<br>• Plean cur chun feidhme na comhghuaillíochta chun an cur chuige nua a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear treoirthionscadail i réimsí éagsúla |

| | |
|---|---|
| **4. Gairmeacha tarraingteacha inbhuanaithe sa taighde, cúrsaíocht chothrom tallainne, agus soghluaisteacht idirnáisiúnta thrasdisciplíneach idirearnála a chur chun cinn ar fud LET** | • Creat Eorpach a fhorbairt do ghairmeacha sa taighde agus bosca uirlisí tacaíochta a fhorbairt chun tarraingteacht na ngairmeacha taighde a fheabhsú sa saol acadúil agus níos faide i gcéin<br>• Faireachlann ar ghairmeacha taighde a sheoladh<br>• 'Cairt Eorpach do Thaighdeoirí' agus 'Cód Iompair um Earcú Taighdeoirí' a athbhreithniú<br>• Ardán Tallainne LET a bhunú mar thairseach ilfhreastail ar líne chuig seirbhísí, líonraí agus tairseacha EURAXESS lena n-áirítear HRS4R, agus RESAVER<br>• Tionscnamh ERA4You a sheoladh chun cúrsaíocht tallainne a chur chun cinn idir earnálacha agus ar fud an Aontais<br>• An dea-chleachtas a mhalartú maidir le córais T&N ar mhaithe le tacú le cúrsaíocht chothrom daoine oilte<br>• Treoirthionscadail a chur ar bun, i gcomhar le comhghuaillíocht de chuid ollscoileanna na hEorpa, maidir leis an gCreat Eorpach le haghaidh Gairmeacha Taighde |

| | |
|---|---|
| **5. An comhionannas inscne a chur chun cinn agus an chuimsitheacht a chothú, agus aird á tabhairt ar dhearbhú Liúibleána** | • Sásra comhordúcháin beartais a fhorbairt chun tacú le gach gné den chomhionannas inscne trí bhíthin pleananna agus beartais chuimsitheacha maidir leis an gcomhionannas inscne mar aon le líonra tiomnaithe de chuid an Aontais chun iad a chur chun feidhme<br>• Straitéis a fhorbairt chun dul i ngleic leis an bhforéigean inscnebhunaithe – lena n-áirítear an ciapadh gnéasach i gcóras T&N na hEorpa – agus chun an comhionannas inscne a áirithiú i dtimpeallachtaí oibre trí bhíthin athrú institiúideach in aon eagraíocht a mhaoiníonn taighde nó a bhíonn i mbun taighde<br>• Cur chuige beartais a fhorbairt chun comhionannas inscne a neartú, lena dtugtar aghaidh ar phríomhshruthú inscne d'fhonn LET nua a chur chun cinn<br>• Prionsabail a fhorbairt, i gcomhar le hEagraíochtaí Náisiúnta Maoinithe Taighde, chun gné na hinscne a chomhtháthú agus a mheas san inneachar taighde agus nuálaíochta |
| **6. LET a dhoimhniú tríd an tsaoirse acadúil san Eoraip a chosaint** | • Éascú a dhéanamh ar fhorbairt cur chuige beartais ar mhaithe le saoirse an taighde eolaíoch san Eoraip a chosaint, bunaithe ar dhearbhú Bonn maidir le saoirse taighde eolaíoch<br>• Tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí leasmhara moltaí na dtreoirlínte maidir leis an trasnaíocht eachtrach a chur chun feidhme<br>• An chéad tuarascáil faireacháin Eorpach maidir le saoirse taighde eolaíochta a fhoilsiú |
| **7. An treoir a thugann an tAontas a uasghrádú ar mhaithe le meas níos fearr a thuilleamh don eolas** | • Treoirphrionsabail ar mhaithe le meas níos fearr a thuilleamh don eolas a fhorbairt agus a fhormhuiniú<br>• Cód Cleachtais a fhorbairt chun maoin intleachtúil a úsáid go cliste i gcomhar le geallsealbhóirí<br>• Cód Cleachtais maidir le caighdeánú a fhorbairt do thaighdeoirí |

| | |
|---|---|
| **8. Inbhuanaitheacht, inrochtaineacht agus athléimneacht na mbonneagar taighde a neartú sa Limistéar Eorpach Taighde** | • Anailís straitéiseach ar thírdhreach an Bhonneagair Taighde Eorpaigh<br>• Rochtain níos leithne agus níos inbhuanaithe do gach tír ar na bonneagair thaighde Eorpacha gona seirbhísí, agus athbhreithniú ar an gCairt Eorpach um Rochtain ar Bhonneagair Thaighde<br>• Treochlár an Fhóraim Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagair Thaighde a nuashonrú agus an creat um fhaireachán ar fheidhmíocht an bhonneagair taighde a chur chun feidhme<br>• Tuarascáil maidir le Creat an Chuibhreannais don Bhonneagar Taighde Eorpach<br>• Comhar méadaithe idir na bonneagair thaighde, na ríomh-bhonneagair agus na geallsealbhóirí, lena n-áirítear tríd an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC) |
| **9. Timpeallacht dhearfach agus cothrom iomaíochta a chur chun cinn don chomhar idirnáisiúnta bunaithe ar an gcómhalartacht** | • Luachanna agus prionsabail a fhorbairt a thuilleadh don chomhar idirnáisiúnta taighde agus nuálaíochta mar a leagtar amach sna *Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta – Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach*, luachanna agus prionsabail a chuirfear chun cinn in idirphlé iltaobhach le tíortha comhpháirtíochta agus i bhfóraim idirnáisiúnta<br>• Tionscnamh píolótach amháin a sheoladh maidir leis an gcur chuige atá ag Team Europe faoi réigiún agus/nó ábhar sonrach domhanda<br>• Clár Oibre a fhorbairt don Taidhleoireacht Eorpach Eolaíochta<br>• Cur chuige comhpháirteach comhordaithe a chur chun cinn maidir le rannpháirtíocht i dtionscnaimh iltaobhacha |

| *Limistéar Tosaíochta: Dúshláin an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a ghleic i dteannta a chéile, agus rannpháirtíocht na sochaí sa Limistéar Eorpach Taighde a mhéadú* | |
|---|---|
| **Gníomhaíochtaí LET** | **Torthaí** |
| **10. Croí-rannchuiditheoirí leis an Limistéar Eorpach Taighde a dhéanamh as misin agus comhpháirtíochtaí T&N an Aontais** | • Faisnéis a roinnt, feasacht a mhúscailt, agus úinéireacht ar mhisin T&N an Aontais a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus pobail d'fhonn rannpháirtíocht na saoránach a chur chun cinn<br>• Faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcomhpháirtíochtaí agus ar an gcaoi a gcuireann siad le LET nua gona luachanna agus prionsabail (ar bhonn obair an Mhol Eolais Comhpháirtíochtaí) |
| **11. LET don aistriú glas** | • Cur chuige beartais do chreat comhair maidir le teicneolaíochtaí slán sábháilte fuinnimh ísealcharbóin atá dírithe ar an taighde agus nuálaíocht<br>• Gníomhaíocht phíolótach taighde agus nuálaíochta de chuid LET a fhorbairt maidir le hidrigin ghlas, agus comhsheasmhacht le tionscnaimh ghaolmhara eile á áirithiú ag an am céanna agus gan dochar dá ábhartha atá sé cur chuige beartais níos leithne a bheith ann a mhéid a bhaineann le T&N<br>• ERA4FutureWork: cur chuige beartais (ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus Aontais) chun aghaidh a thabhairt ar mhaoiniú T&F do Thodhchaí na hOibre |

| | |
|---|---|
| **12. Dlús a chur le haistriú glas/digiteach na bpríomh-éiceachóras tionsclaíoch Eorpach** | • Próiseas comhairliúcháin a chur ar bun maidir le riachtanais T&N de chuid tionscal, lena n-áirítear riachtanais scileanna agus riachtanais uas-scilithe, digiteáil, caighdeánú faoi thionchar T&N, treochláir choiteanna theicneolaíochta, agus bonneagair thaighde agus theicneolaíochta<br>• Creat stóinseach beartais a fhorbairt chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don bhuntaighde ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach chun eolas ceannródaíoch agus nuálaíocht cheannródaíoch a chruthú<br>• Cur chuige beartais a fhorbairt chun beartais thionsclaíocha agus beartais T&N a nascadh, go háirithe maidir le dlús a chur le glacadh tionsclaíoch ar thorthaí T&N, agus treoirthionscadail a sheoladh in éiceachórais thionsclaíocha iompair agus fuinnimh<br>• Treochláir don teicneolaíocht thionsclaíoch a fhorbairt maidir le teicneolaíochtaí ísealcharbóin le haghaidh tionscail dianfhuinnimh agus le haghaidh teicneolaíochtaí tionsclaíocha ciorclacha<br>• Sásra comhordúcháin a fhorbairt chun pé bonneagair theicneolaíochta a theastaíonn a sholáthar don earnáil thionsclaíoch chun nuálaíochtaí a thástáil, a bhailíochtú agus a mhéadú<br>• Aghaidh a thabhairt ar oiriúnú sóisialta an aistrithe ghlais (agus dhigitigh) |
| **13. Cumhacht a thabhairt d'institiúidí ardoideachais forbairt a dhéanamh i gcomhréir le LET, agus i sineirgíocht leis an Limistéar Eorpach Oideachais** | • Tacú le hollscoileanna agus iad ag aistriú go digiteach, lena n-áirítear trí thionscnaimh amhail Ollscoileanna Nasctha;<br>• Cur chuige beartais a fhorbairt agus a ghlacadh chun na scileanna riachtanacha a thabhairt do thaighdeoirí a chuirfidh ar a gcumas feidhmiú sa domhan acadúil agus allamuigh de<br>• Cur chuige beartais a bhunú maidir le tacaíocht a thabhairt feasta ar leibhéal an Aontais chun na hinstitiúidí ardoideachais a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear trí bhíthin Thionscnamh Eorpach Barr Feabhais, agus trí Thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha a chomhdhlúthú |
| **14. An eolaíocht a thabhairt níos gaire do na Saoránaigh** | • Méadú ar an togra *Plastic Pirates – Go Europe!*<br>• Cathair Eorpach na hEolaíochta a sheoladh, le linn Bhliain Eorpach na hÓige, agus cathracha éagsúla Eorpacha a líonrú le chéile.<br>• Anailís féidearthachta a dhéanamh maidir le líonra cónasctha de chuid an Aontais, "Líonra Meán Eolaíochta an Aontais", a bhunú chun a áirithiú go ndéanfar tuairisciú níos fíorasaí ar an eolaíocht<br>• Sásra comhordaithe beartais a mholadh maidir le cleachtais rannpháirtíochta poiblí, lena n-áirítear rannpháirtíocht na saoránach i bpróisis eolaíochta |

| ***Limistéar Tosaíochta: Rochtain ar bharr feabhais taighde agus nuálaíochta a mhéadú ar fud an Aontais*** | |
|---|---|
| **Gníomhaíochtaí LET** | **Torthaí** |
| **15. Éiceachórais T&N réigiúnacha agus náisiúnta a fhorbairt chun barr feabhais agus an t-iomaíochas réigiúnach/náisiúnta a fheabhsú** | • Moil LET a shainiú agus treoirthionscadail a thabhairt dóibh chun gur féidir le héiceachórais iomaíocha T&N teacht chun cinn ar fud an Aontais, ionas bearnaí críochacha a líonadh agus sreabhadh níos éasca tallainne agus infheistíochtaí a áirithiú<br>• Próiseas comhairliúcháin maidir le gníomhaíochtaí déthaobhacha comhair T&N feasta chun barr feabhais R&N a neartú agus a nascadh in LET |
| **16. An rochtain uile-Aontais ar bharr feabhais a fheabhsú** | • Sruth oibre tiomnaithe a bhunú i bhFóram LET chun rochtain ar bharr feabhais a fheabhsú<br>• Tacaíocht shaincheaptha do Bhallstáit aonair a cheapadh agus a chur chun feidhme<br>• Cur chuige beartais a cheapadh maidir leis an acmhainneacht a bhaineann le COST chun an rochtain ar bharr feabhais ar fud an Aontais a fheabhsú |
| **17. Cumas straitéiseach eagraíochtaí déanta taighde phoiblí na hEorpa a fheabhsú** | • Tionscnamh Bainistíochta Eolaíochta, ina mbeidh ar a laghad 100 institiúid rannpháirteach ar fud na hEorpa, a chur chun feidhme |

| *Limistéar Tosaíochta: Infheistíochtaí agus athchóirithe comhbheartaithe taighde agus nuálaíochta a chur chun cinn* | |
|---|---|
| **Gníomhaíochtaí LET** | **Torthaí** |
| **18. Próiseas náisiúnta a éascú nó uirlis beartais LET a ullmhú chun bearta reatha nó bearta beartaithe a shainaithint chun cuidiú le cur chun feidhme LET** | • Comhordú a chur ar fáil idir an tAontas agus na Ballstáit maidir le cur chuige náisiúnta beartais, a thacaíonn leis an Limistéar Eorpach Taighde, a shainiú agus a chur chun feidhme sna Ballstáit |
| **19. Sásra éifeachtach éifeachtúil faireacháin de chuid LET a bhunú** | • Ardán beartais ar líne LET a fhorbairt d'fhonn córas tuairiscithe náisiúnta – atá comhsheasmhach, láidir agus tástáilte ar ardchaighdeán – a bheith ann chun faisnéis a choinneáil leis an ardán beartais ar líne, ina gcuirfear san áireamh na hionstraimí reatha<br>• Scórchlár LET a fhorbairt d'fhonn faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo thosaíochtaí LET ar leibhéal an Aontais agus ar dhul chun cinn ghníomhaíochtaí aonair LET ar leibhéal na mBallstát, agus na hionstraimí reatha á gcur san áireamh |
| **20. Tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe T&N a chur in ord tosaíochta, a chomhordú agus a stiúradh** | • Glacadh cur chuige beartais agus infheistíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn, trí idirphlé déthaobhach agus iltaobhach beartais d'fhonn tacú le Ballstáit leasmhara tús áite a thabhairt d'infheistíocht T&N, lena n-áirítear sineirgí idir cláir an Aontais agus na cláir náisiúnta, agus athchóirithe struchtúracha a chur i bhfeidhm |